

An Toghchán Eorpach An 24 Bealtaine 2019

Tuarascáil an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí chuig an gCeann Comhairle de bhun Acht Toghcháin 1997, arna leasú



Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
Teileafón: (01) 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Suíomh gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland

Meán Fómhair 2020

Réamhfhocal

Thar ceann an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, cúis áthais dom an tuarascáil seo maidir le síntiús agus costais ag toghchán Eorpach 2019 a thabhairt do Chathaoirleach Dháil Éireann (Ceann Comhairle), de réir alt 4(1) d'*Acht Toghcháin 1997*, arna leasú (an tAcht).

Tugadh na ráitis síntiús agus dearbhuithe reachtúla dá dtagraítear dóibh sa tuarascáil don Choimisiún um Chaighdeán de bhun alt 24 den Alt agus tugadh na teastais maidir le síntiús airgid/dearbhuithé reachtúla agus ráitis ó fhorais airgeadais de bhun alt 23B den Acht. Tugadh na ráitis maidir le costais toghcháin de bhun alt 36 den Acht.

Faisnéis mhionsonraithe faoi cheanglais na reachtaíochta a bhaineann le:

- nochtadh síntiús polaitiúil,
- teorainneacha ar luachanna síntiús a bhféadfaí glacadh leo,
- síntiús thoirmiscithe,
- teorainneacha ar chaitheamh toghcháin, agus
- aisíocaíocht costas toghcháin le hiarrthóirí cáilithe

atá le fáil i d*Treoirlínte Thoghchán Eorpach 2019* an Choimisiúin um Chaighdeán, atá le fáil ar www.sipo.ie.

Sherry Perreault

Ceannasaí na hEitice agus na Rialála Brústocaireachta

Rúnaí don Choimisiún

Meán Fómhair 2020

Caibidil 1: Réamhrá

Foráiltear in *Acht Toghcháin 1997*, arna leasú (an tAcht), le haghaidh nochtadh síntiús le hiarrthóirí agus páirtithe i dtoghchán Eorpach, mar aon le nochtadh costas toghcháin iarrthóirí, gníomhairí iarrthóirí agus gníomhairí náisiúnta páirtithe polaitíochta.

Reáchtáladh an lá vótaíochta don toghchán Eorpach is déanaí ar an 24 Bealtaine 2019. Bhí 59 iarrthóir san iomaíocht sa toghchán.

Ceanglaítear ar iarrthóirí rathúla sa toghchán, mar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEanna), ráiteas síntiús bliantúil agus doiciméid tionlacain a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir an bhliain i ndiaidh an toghcháin, agus gach bliain ina dhiaidh sin le linn dó/di a bheith ag feidhmiú mar FPE. Ní mór go n-áireofaí sna ráitis síntiús atá le tabhairt i ndáil le 2019 mionsonraí maidir le haon síntiús a fuarthas i rith 2019, lena n-áirítear iad siúd a fuarthas i ndáil leis an toghchán Eorpach.

De réir fhorálacha Chuid IV den Acht, ceanglaíodh ar iarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán Eorpach, laistigh de 56 lá i ndiaidh an lae vótaíochta (i.e. faoin 19 Iúil 2019), ráiteas síntiús, teastas maidir le síntiús airgid, dearbhú reachtúil agus/nó ráiteas bainc a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin. Ceanglaíodh mionsonraí maidir le gach síntiús a raibh luach níos mó ná €600 luaite leo faighte ag iarrthóirí nár éirigh leo i ndáil leis an toghchán a nochtadh.

Foráiltear i gCuid V den Acht go gceanglaítear ar ghníomhaire toghcháin gach iarrthóir i dtoghchán Eorpach, cibé má éiríonn nó mura n-éiríonn leis/léi, ráiteas costas toghcháin a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 56 lá i ndiaidh an lae vótaíochta (i.e. faoin 19 Iúil 2019). Ní mór go n-áireofaí sa ráiteas costas toghcháin mionsonraí na gcostas tabhaithe ar fad agus íocaíochtaí déanta ag an ngníomhaire toghcháin thar ceann an iarrthóra sa toghchán. Ceanglaítear chomh maith ráiteas costas toghcháin a fháil ó ghníomhaire náisiúnta gach páirtí polaitíochta ag a bhfuil iarrthóirí atá san iomaíocht sa toghchán agus ó "daoine eile" a thabhaigh costais toghcháin.

Nuair a bhí na ráitis dá dtagraítear thuas á mbreithniú, thug an Coimisiún aird ar na treoirlínte a d'eisigh sé roimh an toghchán Eorpach agus scrúdaigh sé na ráitis ar fad d'fhonn comhlíontacht leis na treoirlínte agus leis an reachtaíocht a áirithiú. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, níl aon fhianaise maidir leis an méid seo a leanas ag an gCoimisiún:

- gur sháraigh aon iarrthóir an teorainn chaiteachais,
- go bhfuair aon iarrthóir aisíocaíocht le haghaidh costas toghcháin i ndáil le caiteachas nárbh ionann é agus costas toghcháin, agus
- go bhfuair iarrthóirí aon síntiús thoirmiscthe.

Caibidil 2: Faisnéis ghinearálta maidir leis an toghchán Eorpach

I ndiaidh comhairliúcháin maidir leis na dréacht-treoirínte, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirínte ar an 28 Márta 2019, nuair a bhí an t-ordú vótaíochta eisithe. Ba é cuspóir na dTreoirínte eolas a roinnt le hiarrthóirí ionchasacha maidir leis na hoibleagáidí a bheadh orthu má roghnaíonn siad rith sa toghchán, agus cabhrú le hiarrthóirí na hoibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh. Clúdaíodh sna treoirínte príomhcheanglais an Achta a bhaineann le glacadh le agus nochtadh síntiús polaitiúil, síntiús toirmisce, cuntais síntiús polaitíochta, caitheamh toghcháin agus aisíocaíocht costas toghcháin le hiarrthóirí cáilithe.

Tugadh cuireadh d'iarrthóirí agus do ghníomhairí toghcháin bualadh le comhaltaí de Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeán dá mba mhian leo chun a gcuid oibleagáidí faoin Acht a phlé.

Seo thíos achoimre ar an bhfaisnéis a bhaineann le síntiús cheadaithe, mar atá sonraithe sa reachtaíocht.

Cuntas na síntiús polaitíochta	Nuair a fhaightear síntiús de €100 ní mór d'iarrthóir cuntas síntiús polaitíochta a oscailt (mura bhfuil ceann oscailte cheana féin).
Síntiús airgid	Is é €200 an síntiús airgid uasta ar féidir le hiarrthóir glacadh leis ó dheontóir in aon bhliain féilire.
Deontóirí corparáideacha	Is é €200 an síntiús uasta is féidir le hiarrthóir glacadh leis in aon bhliain féilire ó dheontóir corparáideach mura bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe i gClár na nDeontóirí Corparáideacha arna choimeád ag an gCoimisiún
Deontóirí aonair	<ul style="list-style-type: none">• Ní mór gach síntiús a fhaigheann iarrthóir atá níos mó ná €600 a nochtadh ar an Ráiteas Síntiús.• Is é €1,000 an síntiús uasta ar féidir le hiarrthóir glacadh leis ó dheontóir in aon bhliain ar leith ó dhuine aonair nó ó dheontóir corparáideach cláraithe
Síntiús iolracha	Sa chás go dtugann deontóir síntiús do bheirt fhaighteoirí nó níos mó (comhaltaí iolracha den pháirtí céanna nó comhalta páirtí amháin nó níos mó agus an páirtí féin), a sháraíonn a luach comhiomlán €1,500 , ceanglaítear air/uirthi foirm síntiús a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi alt 24(1)(a)
Síntiús thoirmisce	<ul style="list-style-type: none">• Ní féidir glacadh le síntiús anaithnid níos mó ná €100• Ní féidir glacadh le síntiús choigríche, de luach ar bith, ó lasmuigh d'oileán na hÉireann, ach amháin ó shaoránach Éireannach nó ó ghnó lasmuigh d'oileán na hÉireann mura bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann óna bhfuil ceann amháin, ar a laghad, dá phríomhghníomhaíochtaí á réachtáil.

Dátaí & teorainneacha ábhartha

An 25 Márta 2019 go dtí An 24 Bealtaine 2019	Tréimhse toghcháin
€230,000	Teorainn caithimh do thoghchán
An 8 Iúil 2019 (45 i ndiaidh lá vótaíochta 2019)	Ní mór go mbeadh éilimh d'íocaíocht costas toghcháin ó sholáthraithe faighte ag an ngníomhaire toghcháin faoin dáta seo. Ní féidir sonraisc a fhaightear i ndiaidh an dáta seo a íoc.
An 19 Iúil 2019 (56 lá i ndiaidh lá vótaíochta 2019)	An dáta nach mór d'iarrthóirí nár éirigh leo ráiteas síntiús/teastas maidir le síntiús airgid/ráitis bainc a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán
An 19 Iúil 2019 (56 lá i ndiaidh lá vótaíochta 2019)	An dáta nach mór do ghníomhairí toghcháin ráitis costas toghcháin agus sonraisc a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán
€38,092	Uasmhéid aisíocaíocht na gcostas toghcháin is féidir le hiarrthóir cáilitheach a éileamh
An 31 Eanáir 2020	An dáta nach mór d'iarrthóirí ar éirigh leo a dtuairisceáin bhliantúla, lena n-áirítear ráitis síntiús, teastas maidir le síntiús airgid agus ráitis bhainc, a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán.

Caibidil 3: Síntiúis á nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo

3.1 Ráitis síntiús agus teastais maidir le síntiús airgid faighte ó iarrthóirí nár éirigh leo

Ní mór d'iarrthóirí nár éirigh leo ráiteas síntiús a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán laistigh de 56 lá i ndiaidh an lae vótaíochta. Ní mór go mbeadh sonraí ar an ráiteas síntiús maidir le gach síntiús faighte i ndáil leis an toghchán lena mbaineann luach níos mó ná €600.

Chomh maith leis sin, ní mór teastas maidir le síntiús airgid a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán 56 lá i ndiaidh an lae vótaíochta, ag deimhniú gur lóisteáladh na síntiús airgid ar fad i gcuntas síntiús polaitíochta an iarrthóra agus gur úsáideadh gach méid curtha do dhochar an chuntais chun críocha polaitíochta. Ní mór go mbeadh an teastas maidir le síntiús airgid agus an ráiteas síntiús sínithe ag an iarrthóir agus go mbeadh dearbhú reachtúil agus/nó ráiteas ó fhoras airgeadais i dteannta leis.

3.2 Síntiús nochtá

De réir alt 4(1) den Acht, bhreithnigh an Coimisiún um Chaighdeán na ráitis síntiús tugtha ag gach iarrthóir nár éirigh leis/léi sa toghchán Eorpach (féach Aguisín 1- Táblaí).

Bhí síntiús fógartha ag na hiarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán Eorpach cothrom le **€34,750**. Tá achoimre le fáil sa tábla thíos ar na síntiús fógartha ag na hiarrthóirí, arna gcatagóiriú de réir an pháirtí polaitíochta.

Tábla 1: Achoimre ar shíntiúis arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo de réir an pháirtí polaitíochta

Páirtí Polaitíochta	Luach Iomlán na Síntiúis ar fad €
Daonlathas Duitse in Éirinn	—
Fianna Fáil	5,750
Fine Gael	—
An Páirtí Glas	1,000
Aitheantas Éire	—
Neamhspleáigh ar son an Athraithe	—
Páirtí an Lucht Oibre	4,950
Neamhpháirtí	9,850
Renua Éireann	—
Sinn Féin	—
Daonlathaigh Shóisialta	1,000
An Comhaontas Pobal seachas Brabús	12,200
Páirtí na nOibrithe	—
Iomlán	34,750

Foráiltear in Ailt 23A(1)(i) agus (ii) den Acht, sa chás go bhfaightear síntiús a sháraíonn an teorainn cheadaithe, nach mór an síntiús, laistigh de 14 lá ón dáta fála, a thabhairt ar ais don deontóir nó, más síntiús airgid atá ann, ní mór an chuid den síntiús a sháraíonn an teorainn a thabhairt ar ais don deontóir. Ní mór taifead i scríbhinn maidir leis an síntiús a tugadh ar ais a choimeád chun críche é a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá; nó ní mór d'fhaighteoir an tsíntiúis, laistigh de 14 lá ón dáta fála, an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas faoin síntiús atá faighte agus an síntiús a aisíoc le nó luach an tsíntiúis a íoc leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Sa chás gur síntiús airgid atá i gceist, ní mór an chuid a sháraíonn an teorainn a aisíoc.

Caibidil 4: Caiteamh toghcháin iarrthóirí agus páirtithe polaitíochta

4.1 Sainmhíniú ar chostais toghcháin

Foráiltear in Alt 31(1) den Acht gurb ionann costais toghcháin agus na costais atá sonraithe i mír 1 den Sceideal leis an Acht, a thabhaítear i ndáil le soláthar maoin, earraí nó seirbhísí atá le húsáid ag an toghchán i rith na tréimhse toghcháin (an 25 Márta 2019 – an 24 Bealtaine 2019) chun:

- leasanna páirtí polaitíochta nó toghadh iarrthóra, nó grúpa polaitíochta bunaithe de réir rialacha nós imeachta Pharlaimint na hEorpa a chur chun cinn nó cur ina gcoinne; nó
- beartais páirtí polaitíochta nó tuairimí páirtí polaitíochta maidir le beartais páirtí polaitíochta nó iarrthóra eile sa toghchán a chur i láthair; nó
- cur i gcoinne toghadh iarrthóra sa toghchán, go díreach nó go hindíreach, nó vótaí a éileamh le haghaidh nó i gcoinne iarrthóra ag toghchán; nó
- beartais iarrthóra nó tuairimí iarrthóra maidir le haon ní a bhaineann leis an toghchán nó tuairimí iarrthóra maidir le beartais páirtí polaitíochta nó iarrthóra eile sa toghchán a chur i láthair, nó
- tionchar a imirt ar shlí éigin eile ar an toghchán.

Glactar le soláthar maoin, earraí nó seirbhísí, saor in aisce nó faoi bhun costais, a úsáidtear ag an toghchán, mar chostas toghcháin agus ní mór cuntas a dhéanamh ar a leithéid ag a phraghas tráchtála iomlán, lúide aon ghnáthlascaine nó lascaine ghinearálta a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

4.2 Costais toghcháin a bhí á n-íoc ó chistí poiblí ar dtús

Ag eascairt ón mbreithiúnas in *Kelly v Minister for the Environment & Ors* [2002] 4 I.R. 191, sa chás gur úsáideadh maoin, seirbhísí nó áiseanna chun críocha toghcháin i rith na tréimhse toghcháin agus ina raibh na costais á n-íoc ó chistí poiblí ar dtús, ní mór cuntas a dhéanamh ar a leithéid de chostais mar chostas toghcháin ag a luach tráchtála iomlán.

Sholáthair cúigear iarrthóirí faisnéis maidir lena ráiteas costas toghcháin lena léiriú go raibh sciar dá gcostais á n-íoc ó chistí poiblí ar dtús. Níor thabhaigh aon pháirtí polaitíochta caiteachas dá leithéid. Bhí na costais iomlána a íocadh ó chistí poiblí cothrom le €16,770.

4.3 Teorainneacha caithimh

Bhí an teorainn reachtúil caithimh do thoghchán Eorpach 2019 cosúil leis an teorainn a bhí sonraithe do thoghchán Eorpach 2014: €230,000.

Tá CBL san áireamh sa teorainn reachtúil caithimh do gach iarrthóir. Is ionann an teorainn reachtúil agus an caitheamh uasta a cheadaítear i ndáil le hiarrthóir agus áirítear ann an caitheamh ar fad atá déanta ag gníomhaire toghcháin agus páirtí polaitíochta (ceannoifig agus eagraíocht áitiúil) ar iarrthóir. Ní cheadaítear aon chaitheamh ar leithligh nó breise á dhéanamh ag páirtí polaitíochta ar iarrthóir sa bhreis ar an méid atá sannta don pháirtí ag an iarrthóir.

4.4 Tréimhse toghcháin

Baineann an teorainn chaithimh ag toghchán Eorpach le gach costas tabhaithe agus íocaíocht déanta i ndáil le maoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar a úsáidtear chun críocha toghcháin i rith na "tréimhse toghcháin". Foráiltear in Alt 31(3)(a)(iii) den Acht gurb ionann an tréimhse toghcháin ag toghchán Eorpach agus an tréimhse idir dáta an ordaithe lena gceaptar lá vótaíochta agus lá vótaíochta an toghcháin, an dá dháta san áireamh. Ba é an 25 Márta 2019 dáta an ordaithe lena ceapadh an lá vótaíochta agus reáchtáladh an lá vótaíochta ar an 24 Bealtaine 2019.

4.5 Ráitis costas toghcháin

Ceanglaíodh go mbeadh ráitis costas toghcháin agus foirmeacha dearbhaithe reachtúla á gcur ar fáil ag gníomhairí toghcháin gach iarrthóra a bhí san iomaíocht sa toghchán ginearálta laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótaíochta (i.e. faoin 19 Iúil 2019).

Ceanglaíodh go mbeadh ráiteas costas toghchán agus dearbhú reachtúil a chur ar fáil ag gníomhairí náisiúnta gach páirtí polaitíochta ag a raibh iarrthóirí san iomaíocht sa toghchán freisin. Ceanglaíodh go mbeadh na foirmeacha seo á gcur ar fáil faoin 19 Iúil 2019 freisin.

4.6 Daoine atreoraithe chuig An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí

Is ionann teip Ráiteas Síntiús, Teastas maidir le Síntiús Airgid nó ráiteas ó fhoras airgeadais a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán, laistigh den spriocdháta reachtúil (i.e. faoin 19 Iúil 2019, i gcás iarrthóirí nár éirigh leo) agus cion.

Is ionann teip Ráiteas Costas Toghcháin agus Dearbhú Reachtúil a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán faoin spriocdháta reachtúil (i.e. faoin 19 Iúil 2019) agus cion freisin.

I gcás inarb é tuairim an Choimisiúin gur tharla sárú ar an Acht, féadfaidh sé a leithéid de shárú a atreorú chuig An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP). Ag tráth dréachtaithe na tuarascála seo, tá beirt iarrthóirí/ghníomhairí toghcháin atreoraithe ag an gCoimisiún um Chaighdeán don DPP de bhrí gur theip orthu na doiciméid reachtúla ábhartha a sholáthar faoin spriocdháta reachtúil. Tá roinnt fiosrúchán chuig iarrthóirí eile fós gan freagra ag tráth dréachtaithe na tuarascála seo. Féadfar atreoruithe eile chuig an DPP a dhéanamh in am trátha más gá.

4.7 Caiteachas tuairiscithe ag an toghchán

Tá mionsonraí maidir le caiteachas fógartha ag toghchán Eorpach 2019 le fáil sna táblaí thíos.

Tábla 2: Forléargas ar chaiteachas tuairiscithe ag toghchán Eorpach 2019

Caiteachas Gníomhaire Toghcháin/Iarrthóra	Caiteachas Gníomhaire Náisiúnta/Páirtí ar iarrthóirí	Caiteachas Gníomhaire Náisiúnta/Páirtí ar fud na tíre (“Caiteachas Náisiúnta”)	Caiteachas Iomlán
€	€	€	€
1,156,691	1,624,534	230,589	3,011,814

Tábla 3: Caiteachas tuairiscithe foriomlán ag toghchán Eorpach 2019 de réir an pháirtí polaitíochta (lena n-áirítear caiteachas páirtí náisiúnta agus caiteachas iarrthóirí)

Páirtí Polaitíochta	Caiteachas Gníomhaire Toghcháin/Iarrthóra €	Caiteachas Gníomhaire Náisiúnta/Páirtí ar iarrthóirí €	Caiteachas Gníomhaire Náisiúnta/Páirtí ar fud na tíre (“Caiteachas Náisiúnta”) €	Caiteachas Iomlán €
Daonlathas Duitse in Éirinn	326	—	—	326
Fianna Fáil	134,573	609,458	50,737	794,768
Fine Gael	350,809	599,668	91,369	1,041,846
An Páirtí Glas	97,895	23,001	33,936	154,832
Aitheantas Éire	—	—	—	—
Neamhspleáigh ar son an Athraithe	76,782	—	—	76,782
Páirtí an Lucht Oibre	90,440	158,484	26,410	275,334
Neamhpháirtí	251,408	—	—	251,408
Renua Éireann	15,900	—	—	15,900
Sinn Féin	46,606	233,924	28,138	308,667
Daonlathaigh Shóisialta	36,674	—	—	36,674
An Comhaontas Pobal seachas Brabús	41,978	—	—	41,978
Páirtí na nOibrithe	13,302	—	—	13,302
Iomlán	1,156,691	1,624,534	230,589	3,011,814

Tábla 4: Miondealú ar an gcaiteachas náisiúnta tuairiscithe de réir an pháirtí polaitíochta

Páirtí Polaitíochta	Fógraíocht	Poiblíocht	Póstaeir	Ábhar Eile	Oifig & Stáiseanóireacht	Iompar & Taisteal	Taighde Margaidh	Oibríthe Feachtais	Iomlán €
Daonlathas Duitse in Éirinn	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Fianna Fáil	11,269	19,468	—	20,000	—	—	—	—	50,737
Fine Gael	12,600	78,769	—	—	—	—	—	—	91,369
An Páirtí Glas	33,277	621	—	38	—	—	—	—	33,936
Aitheantas Éire	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Neamhspleáigh ar son an Athraithe	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Páirtí an Lucht Oibre	2,612	10,593	—	5,657	—	—	2,214	5,334	26,410
Renua Éireann	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Sinn Féin	2,104	9,772	369	1,795	3,150	10,947	—	—	28,138
Daonlathaigh Shóisialta	—	—	—	—	—	—	—	—	—
An Comhaontas Pobal seachas Brabús	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Páirtí na nOibríthe	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Iomlán	61,862	119,223	369	27,491	3,150	10,947	2,214	5,334	230,589

Tábla 5: Miondealú ar chaiteachas ar iarrthóir de réir páirtithe polaitíochta

Páirtí Polaitíochta	Fógraíocht	Poiblíocht	Póstaeir	Ábhar Eile	Oifig & Stáiseanóireacht	Iompar & Taisteal	Taighde Margaidh	Oibríthe Feachtais	Iomlán €
Daonlathas Duitse in Éirinn	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Fianna Fáil	130,165	13,692	305,366	99,034	7,500	24,481	—	29,220	609,458
Fine Gael	207,237	48,652	149,299	97,661	2,933	54,126	750	39,010	599,668
An Páirtí Glas	21,687	1,000	—	314	—	—	—	—	23,001
Aitheantas Éire	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Neamhspleáigh ar son an Athraithe	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Páirtí an Lucht Oibre	36,364	5,000	55,850	51,727	—	9,543	—	—	158,484
Renua Éireann	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Sinn Féin	4,270	3,600	134,011	76,190	11,107	4,746	—	—	233,924
Daonlathaigh Shóisialta	—	—	—	—	—	—	—	—	—
An Comhaontas Pobal seachas Brabús	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Páirtí na nOibríthe	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Iomlán	399,723	71,944	644,525	324,925	21,540	92,897	750	68,230	1,624,534

Tábla 6: Miondealú ar chaiteachas tuairiscithe ag iarrthóirí

Páirtí Polaitíochta	Fógraíocht	Poiblíocht	Póstaeir	Ábhar Eile	Oifig & Stáiseanóireacht	Iompar & Taisteal	Taighde Margaidh	Oibríthe Feachtais	Iomlán €
Daonlathas Duitse in Éirinn	—	—	—	—	—	326	—	—	326
Fianna Fáil	92,465	1,483	—	13,915	3,500	22,573	—	637	134,573
Fine Gael	131,065	49,420	40,847	41,727	21,377	46,774	—	19,600	350,809
An Páirtí Glas	17,206	520	18,274	37,379	89	884	—	23,543	97,895
Aitheantas Éire	—	—	—	—	—	—	—	—	—
Neamhspleáigh ar son an Athraithe	36,683	12,239	17,097	6,651	3,619	494	—	—	76,782
Páirtí an Lucht Oibre	26,745	20,904	7,991	18,012	258	880	—	15,650	90,440
Neamhpháirtí	96,517	20,743	31,161	70,622	1,990	12,234	2,990	15,150	251,408
Renua Éireann	1,923	3,500	861	9,615	—	—	—	—	15,900
Sinn Féin	11,380	1,350	9,057	23,791	60	968	—	—	46,606
Daonlathaigh Shóisialta	9,584	1,500	16,544	8,116	375	555	—	—	36,674
An Comhaontas Pobal seachas Brabús	1,450	650	19,917	19,452	280	15	—	214	41,978
Páirtí na nOibríthe	1,844	3,656	—	7,802	—	—	—	—	13,302
Iomlán	426,862	115,965	161,748	257,082	31,547	85,703	—	74,794	1,156,691

Caibidil 5: Aisíocaíocht costas toghcháin iarrthóirí

D'fhonn cáiliú d'aisíocaíocht, ní mór d'iarrthóir ceann de na coinníollacha seo a chomhlíonadh:

- toghadh é/í ag an toghchán, nó
- mura toghadh é/í, sháraigh sé/sí ceathrú den chuóta ag tráth ar bith le linn chomhaireamh na vótaí.

Is é €38,092 an t-uasmhéid a d'fhéadfaí a aisíoc le hiarrthóirí cáilithe ag toghchán Eorpach. Bhí iarrthóirí a cháiligh d'aisíocaíocht, dá réir sin, incháilithe chun an méid is lú den mhéid sin a fháil nó méid iarbhir na gcostas toghcháin tabhaithe ar a son ag an toghchán.

Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeán faoi alt 21(d) den Acht a dheimhniú don Aire Airgeadais go bhfuil iarrthóir incháilithe d'aisíocaíocht a c(h)ostas toghcháin. Is é nós an Choimisiúin um Chaighdeán gan foirm iarratais a eisiúint d'aisíocaíocht costas toghcháin le hiarrthóir cáilithe go dtí go bhfuil gach ní a bhaineann le cur i gcrích a t(h)uairisceán reachtúil curtha i gcrích.

I dtoghchán Eorpach 2019, cháiligh 23 iarrthóir ar fad d'aisíocaíocht costas toghcháin. D'íoc an Státchiste €851,422 ar fad le 23 iarrthóir a cháiligh d'aisíocaíocht costas toghcháin. Cháiligh 20 iarrthóir don aisíocaíocht uasta de €38,092.

Tá mionsonraí maidir leis na haisíocaíochtaí deimhnithe le fáil i dtábla 8 thíos.

Tábla 7: Aisíocaíochtaí ceadaithe

Ainm an Iarrthóra	Costais Toghcháin Tabhaithe €	Méid na haisíocaíochta €
Andrews, Barry	158,742	38,092
Boylan, Lynn	61,691	38,092
Byrne, Malcolm	150,458	38,092
Carthy, Matt	129,675	38,092
Casey, Peter	50,301	38,092
Clune, Deirdre	187,552	38,092
Cuffe, Ciarán	58,751	38,092
Daly, Clare	38,205	38,092
Doyle, Andrew	131,273	38,092
Fitzgerald, Frances	132,717	38,092
Flanagan, Luke "Ming"	37,004	37,004
Gannon, Gary	36,674	36,674
Kelleher, Billy	132,858	38,092
Kelly, Seán	98,978	38,092
McGuinness, Mairead	60,653	38,092
McHugh, Saoirse	15,902	15,902
Ní Riada, Liadh	89,163	38,092
O'Sullivan, Grace	46,244	38,092
Rabbitte, Anne	106,649	38,092
Smith, Brendan	195,324	38,092
Wallace, Mick	38,576	38,092
Walsh, Maria	200,049	38,092
White, Alex	91,431	38,092
Iomlán	2,248,869	851,422

Caibidil 6: Gníomhaíocht "duine eile"/"tríú páirtí" ag an toghchán

Chuir an Coimisiún um Chaighdeáin nótaí mínitheacha i dtoll a chéile ina sonraíodh na ceanglais a ghabhann le "daoine eile" agus "tríú páirtithe" ag an toghchán Eorpach a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

De réir mar a cheanglaítear faoi alt 31(7) den Acht, chuir na daoine seo a leanas fógra chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir lena rún costais toghcháin a thabú:

- An tUasal Enoch Burke
- An tUasal Josiah Burke
- Feachtas ar son na Beatha

Ceanglaíodh ar gach duine a thabhaigh costais toghcháin de bhun alt 31(7) den Acht ráiteas costas toghcháin a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 19 Iúil 2019. Nocht "daoine eile" a thug ráiteas costas toghcháin costais iomlána luach €18,389. Tá mionsonraí na gcostas tabhaithe le fáil i dtábla 9.

Tábla 8: Caiteachas tuairiscithe ag "daoine eile"

Ainm	Méid an chaiteachais €
Burke, Enoch	196
Burke, Josiah	673
Pro Life Campaign	17,520
Iomlán	18,389

Caibidil 7: Foilsiú ráiteas síntiús agus ráiteas costas toghcháin tugtha don Choimisiún um Chaighdeán

De réir alt 24(7)(a) den Acht, tá cóip leictreonach de gach ráiteas síntiús faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeán ó iarrthóirí nár éirigh leo ag an toghchán Eorpach leagtha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

De réir alt 37(1) den Acht, tugadh cóip de gach ráiteas costas toghcháin don Choimisiún um Chaighdeán i ndáil leis an toghchán Eorpach agus tá an Coimisiún um Chaighdeán sásta go bhfuil siad curtha i gcrích i gceart agus tá siad leagtha faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

De réir alt 73 den Acht, ní mór na ráitis síntiús agus ráitis costas toghcháin faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeán, i dteannta leis na sonraisc, admhálacha nó dearbháin ábhartha, a chur ar fáil le haghaidh cigireacht phoiblí agus lena gcóipeáil in oifigí an Choimisiúin um Chaighdeán. Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, tá oifigí an Choimisiúin dúnta do chuairoteoirí faoi láthair. Más mian le duine den phobal na doiciméid a scrúdú, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún ar an nguthán nó ar ríomhphost agus déanfar socruithe chun cóipeanna de na doiciméid riachtanacha a chur ar fáil.

Aguisín 1: Síntiúis arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo

Iarrthóir	Páirtí	Líon na síntiús	Luach an tsíntiúis €
Brennan, Cyril	An Comhaontas Pobal seachas Brabús	2	2,000
Brien, Gillian	An Comhaontas Pobal seachas Brabús	1	1,000
Byrne, Malcolm	Fianna Fáil	6	5,750
Cahill, Dolores	Neamhpháirtí	1	861
Gannon, Gary	Daonlathaigh Shóisialta	1	1,000
Hannigan, Dominic	Páirtí an Lucht Oibre	1	950
Harrold, Rita	An Comhaontas Pobal seachas Brabús	8	8,000
Healy Eames, Fidelma	Neamhpháirtí	2	2,000
Higgins, Alice Mary	Neamhpháirtí	6	4,939
McHugh, Saoirse	An Páirtí Glas	1	1,000
Minehan, Liam	Neamhpháirtí	1	1,000
Mulcahy, Diarmuid	Neamhpháirtí	1	1,000
Purcell, Walter Ryan	Neamhpháirtí	1	50
Wallace, Adrienne	An Comhaontas Pobal seachas Brabús	2	1,200
White, Alex	Páirtí an Lucht Oibre	4	4,000
Total			34,750